Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Feabhra 2023
(OR. en)

6315/23
ADD 1 REV 2

LIMITE

JAI 158
FREMP 39
DROIPEN 23
COCON 15
COHOM 45
EDUC 49
MIGR 59
SOC 95
ANTIDISCRIM 16
STAT 5

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0062(NLE)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, tearmann agus *non-refoulement*<br>– *Comhaontú i bprionsabal*<br>– *Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa*<br>= *Ráitis* |

Cuirfear an ráiteas seo a leanas sna miontuairiscí ón gComhairle.

**Ráiteas ó thoscaireacht na Bulgáire**

Tá an Bhulgáir tiomanta go láidir an foréigean teaghlaigh agus an foréigean in aghaidh na mban a chomhrac. Tá rialtas agus sochaí sibhialta na Bulgáire rannpháirteach go gníomhach chun cineálacha foréigin den sórt sin a chosc agus chun tacaíocht a chur ar fáil do na híospartaigh a bhíonn thíos leo.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Iostanbúl coincheapa dlíthiúla i ndáil leis an gcoincheap 'inscne' chun cinn atá ar neamhréir le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire.

Dá bhrí sin, ní féidir leis an mBulgáir aontú leis an dá dhréachtchinneadh ón gComhairle atá beartaithe ná leis an moladh toiliú ó Pharlaimint na hEorpa a lorg i ndáil leis na cinntí sin maidir le haontachas an Aontais do Choinbhinsiún Iostanbúl.

Athdhearbhaíonn an Bhulgáir a seasamh láidir i gcoinne aontachas an Aontais do Choinbhinsiún Iostanbúl in éagmais comhaontú de thoil a chéile i measc na mBallstát. Creidimid go n-eascródh dúshláin dhlíthiúla don Aontas agus do Bhallstáit an Aontais i bpróiseas chur chun feidhme an Choinbhinsiúin as cur chuige den sórt sin. Thairis sin, níl aon oibleagáid ar an mBulgáir tuairisciú do ghrúpa saineolaithe GREVIO maidir le cur chun feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl ar a críoch, ná ní thoilíonn sí le tuairisciú tríú páirtithe thar a ceann.

Ar deireadh, ní hé seo an t-am ceart don Aontas aontú do Choinbhinsiún Iostanbúl mar atá beartaithe. Táimid i mbun caibidlíochta faoi láthair maidir le hionstraim inmheánach de chuid an Aontais sa réimse céanna, eadhon Treoir maidir le foréigean teaghlaigh agus foréigean in aghaidh na mban. Ba cheart dúinn bailchríoch a chur ar ár rialacha inmheánacha agus inniúlacht an Aontais a bhunú maidir leis an ábhar ar dtús agus comhoiriúnacht le hionstraim Chomhairle na hEorpa a lorg ina dhiaidh sin.

PUBLIC

**Ráitis ó thoscaireachtaí na Cipire, na Fraince, na Gearmáine, na Gréige, na hÉireann, Mhálta, na Slóivéine agus na Spáinne**

Ag féachaint do Thuairim 1/19, tá an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, Málta, an tSlóivéin agus an Spáinn fós ag cloí go daingean leis an gcleachtas 'toil a chéile' maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh do chomhaontuithe measctha a fheidhmítear i gcomhréir iomlán leis na ceanglais agus laistigh de theorainneacha an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218(2), (6) agus (8) CFAE. Mar sin féin, i bhfianaise na n-imthosca sonracha maidir leis an gcomhdhearcadh i bhfabhar chomhrac an fhoréigin in aghaidh na mban, tá an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, Málta, an tSlóivéin agus an Spáinn ar aon ghuth maidir le haontachas an Aontais do Choinbhinsiún Iostanbúl.

PUBLIC

**Ráiteas ó thoscaireacht na hUngáire**

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Thairis sin, is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Tá an Ungáir tiomanta freisin an foréigean in aghaidh na mban a chomhrac. Tá an Ungáir suite de i gcónaí nach daingniú coinbhinsiúin ach torthaí nithiúla gníomhaíochtaí Rialtais a dhéanann an foréigean in aghaidh na mban agus an foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáiríre.

Ghlac Tionól Náisiúnta na hUngáire rún i mí na Bealtaine 2020 inar fógraíodh go gcuireann sé i gcoinne dhaingniú Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i gcás na hUngáire toisc nach mian leis an sainmhíniú ar 'inscne' ná peirspictíocht chomhfhreagrach an Choinbhinsiúin a áireamh i gcóras dlí na hUngáire, agus freisin toisc go dtagann forálacha an Choinbhinsiúin maidir le tearmann a thabhairt ar fhorais ghnéis/inscne salach ar aidhmeanna polaitiúla na hUngáire i ndáil leis an méid sin agus ar chreat dlíthiúil na hUngáire lena dtacaítear leis na haidhmeanna sin.

Sa rún thuasluaite ón Tionól Náisiúnta, iarradh ar Rialtas na hUngáire gan tacú le haontachas an Aontais Eorpaigh do Choinbhinsiún Iostanbúl agus, dá bhrí sin, níl an Ungáir in ann tacú le haontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún sin. Measann Rialtas na hUngáire go bhfuil dlúthbhaint idir inniúlachtaí na mBallstát agus an Aontais sa chás seo. Dá bhrí sin, níor cheart don Aontas Eorpach aontú don Choinbhinsiún sula mbeidh an Coinbhinsiún daingnithe ag a Bhallstáit uile ar an leibhéal náisiúnta.

Cuireann an Ungáir i bhfios go láidir go mbeadh iarmhairtí ag tréigean an chleachtais 'toil a chéile' ar bhonn i bhfad níos forleithne ná an t-aontachas do Choinbhinsiún Iostanbúl amháin. Meabhraítear don Ungáir nár cuireadh as an áireamh i dTuairim Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhféadfaí fanacht le comhaontú 'de thoil a chéile' na mBallstát. Cuireann an Ungáir i bhfios go láidir go bhfágfadh tréigean an chleachtais 'toil a chéile' go ndéanfaí dochar do chumas an Aontais a ghealltanais idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus go lagófaí úinéireacht pholaitiúil, rud ar cuireadh go mór san áireamh i gcónaí sa phróiseas cinnteoireachta maidir le caidreamh seachtrach an Aontais.

PUBLIC

**Ráiteas ó thoscaireacht na hÉireann**

Is díol sásaimh d'Éirinn an *Cinneadh ón gComhairle atá beartaithe maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le non-refoulement*, agus tacaíonn sí go hiomlán le hiarrachtaí na hUachtaránachta ar mhaithe le glacadh an Chinnidh ón gComhairle.

Is oth le hÉirinn, áfach, nár tugadh an deis d'Éirinn a bheith rannpháirteach i nglacadh an togra.

Dá gcuirfeadh Éire in iúl don Chomhairle agus don Choimisiún gur mian léi an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal 21 atá i gceangal le Conradh Liospóin, bheadh Éire faoi cheangal a mhéid a bheadh sí rannpháirteach sna bearta foluiteacha.

PUBLIC